museum
National Museum of Ireland
*Ard-Mhúsaem na hÉireann*

Decorative Arts & History

# *Plean Urláir an Mhúsaeim*



# *Conas an Treoir Gailearaithe seo a úsáid*




Seo chugaibh ár bplean urláir idirghníomhach músaeim agus treoir na dtsaipeántas. Déan iniúchadh go héasca ar na taispeántais trí do rogha ceann scríbe a roghnú ó na heolairí plean urláir ar na leathanaigh seo a leanas.

Déan do bhealach láithreach chuig aon taispeántas nó seomra trí na pleananna urláir a bhfuil uimhir aonair orthu (0, 1, 2, 3). Cliceáil ar na cnaipí uimhrithe ar an bplean urláir féin nó roghnaigh an taispeántas i liosta an roghchláir. Má chliceálann tú ar na saigheada ar chlé nó ar dheis ag an mbonn, tabharfar treoir sheicheamhach, de réir an tseomra.

Bain sult as do thuras saibhrithe fionnachtana!

# Gailearaithe Taispeántais




**NÓTA:**
Níl na pleananna de réir scála.

## 0 Urlár na Talún

- 14 Cad atá sa Stór?
- 24 Seomra um Shaol sa Bheairic
- 25 26 Guthanna Aisghafa 1914 - 1915
- 27 Ag Íomháú Coimhlinte
- 28 “is muid údair ár scéalta féin”
- 29 Asgard

- Faisnéis
- Leithris
- Siopa Bronntanas
- Seomra Cótaí
- Caifé

# *Gailearaithe Taispeántais*




NÓTA:
Níl na pleananna de réir scála.

## 1 An Chéad Urlár

- 4a An Seomra Palaitíneach
- 4 Gréithe Airgid na hÉireann
- 3 Airgead - Boinn agus Airgeadra na hÉireann
- 2 As Stóras - Gailearaí Íochtarach
- 1 Rogha na gCoimeádaithe
- Páirt a Ghlacadh agus Foghlaim
- 15/23 Saighdiúirí agus Taoisigh

# *Gailearaithe Taispeántais*




NÓTA:
Níl na pleananna de réir scála.

## 2 An Dara hUrlár

- 10 CLG: Daoine, Nithe agus Scéalta
- 9 Ib Jorgensen: Taispeántas Iardhearcach Faisin
- 8 As Stóras - Gailearaí Uachtarach
- 7 Alison Lowry: A)Ár bhFírinní Folaithe a Chóiriú
- 5 6 Ceithre Chéad de Throscán agus Fearas

# Gailearaithe Taispeántais




NÓTA:
Níl na pleananna de réir scála.

## 3 An Tríú hUrlár

- 13a Albert Bender
- 13 Troscán Tuaithe na hÉireann
- 12 Mar A Chaitheamar É
- 11 Eileen Gray 1878 - 1976

# 14 Cad atá sa Stór?




Is taispeántas stórais infheicthe é ‘Cad atá sa Stór?’, le breis is 16,000 réad ó bhailiúcháin ealaíon maisiúla an Mhúsaeim á gcur ar fáil don phobal in aon spás amháin.

Den chéad uair i stair an Mhúsaeim, beidh an deis ag an bpobal gabháil ar chúl an stáitse chun breathnú thart ar bhailiúchán oibre músaeim.

# 24 Seomra um Shaol sa Bheairic







Is limistéar fionnachtana idirghníomhach é Seomra um Shaol sa Bheairic sa taispeántas ‘Saighdiúirí agus Taoisigh’ de chuid an Mhúsaeim.

Déan iniúchadh ar mhodh maireachtála na saighdiúirí sa 19ú agus san 20ú haois trí leapacha mionsonraithe atógtha, déantáin, cultacha is féidir a thriail ort agus cluichí idirghníomhacha.








*Scéalta faoi na hÉireannaigh i mbun Cogaíochta, 1914-15*

Sonraítear 21 fir agus mná Éireannacha sa taispeántas seo, agus úsáidtear réada bunaidh agus ábhar idirghníomhach chun tionchar daonna an chogaidh ar a saol a léiriú.





Déantar iniúchadh sa taispeántas seo ar ról na grianghrafadóireachta le linn deich mbliana réabhlóideacha na hÉireann, sa bhaile agus thar lear. In Ag Íomháú Coimhlinte, taispeántar 150 íomhá agus 5 leabhar grianghraf bunaidh ó bhailiúchán Ard-Mhúsaem na hÉireann a bhaineann le ré réabhlóideach na hÉireann 1913 – 1923, chomh maith le híomhánna d’fhir agus de mhná na hÉireann i gcoimhlintí thar lear.

Ní raibh formhór na n-íomhánna ar taispeáint go poiblí roimhe seo.

# 28 “is muid údair ár scéalta féin”






*Cén chuma atá ar chultúr agus ar fhéiniúlacht na hÉireann céad bliain i ndiaidh bhunú an stáit?*

Déanaimid iniúchadh ar an gceist seo sa taispeántas “*is muid údair ár scéalta féin*”. Chríochnaigh cónaitheacht an ealaíontóra Anthony Haughey ó 2021 go 2024 leis an taispeántas seo, ina bhfuil saothair ealaíne chomhoibríocha le breis agus 500 duine as Éirinn, arna spreagadh ag bailiúcháin an mhúsaeim agus ina ndéantar iniúchadh ar conas a thuigimid féiniúlachtaí cultúrtha atá ag teacht chun cinn.

# 29 Asgard




Léirítear scéal an luaimh aitheanta agus a h-iliomad samhlacha, óna thógáil i 1905 ag Colin Archer, an t-ailtire cabhlaigh iomráiteach ón Iorua, go dtí an ról lárnach a bhí aige i dtabhairt i dtír na ngunnaí i mBinn Éadair 1914 agus a úsáid mar an gcéad soitheach náisiúnta oiliúna seoil de chuid na hÉireann.

# An Seomra Palaitíneach



Rachaidh an bálseomra athchóirithe seo i bhfeidhm ar do chuid aíonna lena mhéid breá mór, lena ghnéithe stairiúla, agus leis an méid de sholas nádúrtha an lae atá ann - idir an t-urlár adhmaid iontlaise cnámh scadáin suaithinseach, na teallaigh cloiche bunaidh agus choirnis na síleála maisithe atá 6 mhéadar ar airde.

Feic an leathanradharc iontach atá le feiceáil amach as na deich bhfuinneog saise atá 2.6m ar airde, óna dtugtar radhairc tharraingteacha ar na gairdíní galánta ar an taobh thoir nó mórgacht ár gclóis iontaigh, Cearnóg Clarke – sainchomhartha fíor-éachtach i gCathair Bhaile Átha Cliath.

Is suíomh iontach é an Seomra Palaitíneach chun go leor imeachtaí éagsúla a óstáil.

Faightear rochtain ar an seomra ar an gcéad urlár trí staighre starrmhaide tréimhse, agus tá seomraí folctha príobháideacha agus cistin ann.

# 4 Gréithe Airgid na hÉireann








Agus é ar ceann de na bailiúcháin is mó d'Airgead Gaelach ar domhan, rianaíonn an taispeántas seo forbairt cheard na nGaibhne Geala ón 17ú haois go dtí an 20ú haois.

Tugann sé aghaidh ar fhorbairt an dearaidh agus scrúdaíonn sé mianadóireacht, measúnacht agus ceardaíocht an mhiotail lómhair.

# 3 Airgead - Boinn agus Airgeadra na hÉireann








Léiríonn an taispeántas seo scéal na mbonn agus an airgid in Éirinn ón 10ú haois go dtí an lá atá inniu ann. Cuimsítear ann taiscí Meánaoiseacha curtha i bpoll sa talamh, agus nótaí bainc nua-aimseartha a bhfuil rochtain orthu trí mheaisín ATM, an 'poll sa bhalla'.

# 2 As Stóras - Gailearaí Íochtarach



Tugtar léargas láithreach le As Stóras ar raon leathan an bhailiúcháin Ealaíne agus Tionscail, ó phíosaí móra dealbhóireachta adhmaid ó na meánaoiseanna go píosaí fíneálta de lása oibrithe go fíneáilte.

Déantar an réimse iontach réad ar taispeáint a léirmhíniú trí ríomhairí idirghníomhacha.

# 1 Rogha na gCoimeádaithe







Tá cúig réad is fiche sa ghailearaí seo, agus roghnaíodh gach ceann ó bhailiúcháin an Mhúsaeim ag coimeádaí éagsúil an Mhúsaeim. Déantar gach déantán a léiriú i dteannta cuntais ón gcoimeádaí maidir lena rogha.



**PÁIRT A GHLACADH AGUS FOGHLAIM:** Tugaimid cuireadh do chuairteoirí de gach aois chun páirt a ghlacadh, idirghníomhú agus freagairt a thabhairt i roinnt taispeántas ar fud an Mhúsaeim. Lena n-áirítear an gailearaí *Take a Seat* inar féidir leat iniúchadh a dhéanamh ar phrionsabail deartha trí chathaoireacha agus do 'chathaoir fhoirfe' féin a cheapadh, agus Seomra *Shaol Dhún Uí Choileáin*, inar féidir leat iniúchadh a dhéanamh ar shaol saighdiúra i nDún Uí Choileáin sa 19ú agus san 20ú haois.

**IT'S YOUR MUSEUM (IS É DO MHÚSAEMSA É):** Tá leabhrán Treorach do Theaghlaigh saor in aisce ar fáil lena phiocadh suas ag an bhfáiltiú. Féach ar an léarscáil chun na gailearaithe agus na rudaí a mholann teaghlaigh eile a fheiceáil. Faigh amach cá háit le dul más mian leat rud éigin a dhéanamh, amhail líníocht, dearadh nó tú féin a chóiriú suas i gceann de na spásanna idirghníomhacha sa Mhúsaem. *Bain sult as!*

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar ár suíomh gréasáin: *www.museum.ie/en-IE/Museums/Decorative-Arts-History/Engage-And-Learn*

# Saighdiúirí agus Taoisigh




Le níos mó ná 1,000 réad ó gach cearn den domhan, ag cumhdach 1,700 méadar cearnach, rianaíonn an taispeántas seo stair mhíleata na hÉireann ó 1550 go dtí an 21ú hAois.

Tagann déantáin bhunaidh, ar nós Taipéis Stokes, litreacha, agus macasamhlacha agus idirghníomhachaí le chéile chun a thaispeáint conas a chuaigh saighdiúireacht agus cogadh i bhfeidhm ar shaol mhuintir na hÉireann leis na céadta bliain.

# 10 CLG: Daoine, Nithe agus Scéalta







Taispeántas nua ilmheán is ea Daoine, Nithe agus Scéalta, ag Ard-Mhúsaem na hÉireann – Na hEalaíona Maisiúla agus Stair, Dún Uí Choileáin, a chuireann peirspictíocht úr ar fáil ar thionchar CLG trí lionsa na staire sóisialta, an deartha agus chultúr na ndaoine.

Cé gur bunaíodh CLG go foirmiúil sa bhliain 1884, is iad na nithe is sine atá ar taispeáint mar chuid den taispeántas liathróidí iomána atá déanta as fionnadh stothallach bó agus ribí róin trilsithe a théann siar go dtí an 15ú haois, a fuarthas i limistéir phortaigh i gContaetha Chiarraí, Mhaigh Eo agus Luimnigh. Tá peil rugbaí ar taispeáint freisin a d’úsáideadh na príosúnaigh chun peil Ghaelach a imirt i gcampa imtheorannaithe Frongoch sa Bhreatain Bheag in 1916 agus camán de chuid Mhichíl Uí Choileáin.




Le fíorghairid sa taispeántas, tá an caipín daorchluiche a chaith duine de na bainisteoirí na rathúla i stair na hiomána, Brian Cody, nuair a bhí sé ina bhainisteoir iomána sinsearach i gCill Chainnigh ó 1999-2022. Ar thrí ghné-bhalla, beidh cuairteoirí chuig an taispeántas ábalta macasamhlacha digiteacha de phíosaí ealaíne, dearaí nua-choimisiúnaithe agus grianghraif de chluichí Gaelacha a fheiceáil freisin.

I measc na dtéamaí a ndéantar iniúchadh orthu tá conas a raibh tionchar ag an CLG ar ealaíontóirí sa 20ú haois, teacht chun cinn dhearaí geansaithe CLG agus an t-athrú ar an dearadh idir Corn Sam Maguire agus Cailís Ardach.

Tabharfar cuireadh do chuairteoirí chuig an taispeántas chun freagairt a thabhairt air, lena gcuimhní cinn CLG féin. Cuirfear na freagairtí sin le chéile agus cuirfear i gcartlann taispeántais iad ina gcaomhnófar na scéalta do na glúnta atá le teacht.

# 9 Ib Jorgensen: Taispeántas Iardhearcach Faisin



Bhí Ib Jorgenson ar thús cadhnaíochta i gcúrsaí faisin na hÉireann ar feadh a shaoil; in 1962 bhí sé ar dhuine de bhunaitheoirí Irish Haute Couture Group agus ina dhiaidh sin, ba é an chéad chathaoirleach ar Chumann Dearthóirí na hÉireann, a bunaíodh in 1982. Mar thoradh ar rath idirnáisiúnta, osclaíodh salón agus seomraí oibre i Londain in 1979. Cheap sé dhá éide do Aer Lingus, in 1975 agus in 1986, agus cheap sé an chéad éide do Chór Seirbhíse Ban Arm na hÉireann a bunaíodh i 1980.

# 8 As Stóras - Gailearaí Uachtarach





Tugtar léargas láithreach le As Stóras ar raon leathan an bhailiúcháin Ealaíne agus Tionscail, ó phíosaí móra dealbhóireachta adhmaid ó na meánaoiseanna go píosaí fíneálta de lása oibrithe go fíneáilte.

Déantar an réimse iontach réad ar taispeáint a léirmhíniú trí ríomhairí idirghníomhacha.

# 7 Alison Lowry: (A)Ár bhFírinní Folaithe a Chóiriú




Tá an taispeántas seo de shaothar Lowry roinnte ina cheithre réimse ar leith – suiteán róbaí baiste in pâte de verre greanteilgin ar crochadh, saothair dealbhóireachta a fhreagraíonn do théama Neachtlanna Mhaigdiléana, píosa físeáin a rinneadh leis an ealaíontóir taibhithe Jayne Cherry agus culaith armúir ag baint úsáid as gloine agus leathar a cruthaíodh leis an dearthóir a bhfuil cáil idirnáisiúnta uirthi Úna Burke.

I measc bhuaicphointí an taispeántais tá suiteán naoi róba baiste in pâte de verre (pas gloine) scaipthe thar dhá sheomra – píosa domhain tráchtaireachta ar nochtadh Áras Máithreacha is Leanaí Thuama.

Áirítear le gnéithe eile den taispeántas fianaise fuaime trí fhilíocht agus amhrán uathu siúd a tháinig slán as córas na scoileanna ceartúcháin agus Neachtlanna Mhaigdiléana.



Léirítear an t-ábhar ar taispeáint i sraith de shuíomhanna seomra, ón 17ú haois le troscán agus painéil dair, tríd áilleacht uasal na hÉireann Seoirsí go dtí ardstíl an 19ú haois.

Taispeánann an taispeántas freisin cuid den bhailiúchán troscáin idirnáisiúnta, nár taispeánadh leis na scórtha bliain. Tá na gailearaithe feabhsaithe go físiúil ag réada amhail teicstílí, earraí airgid, gloine agus earraí criadóireachta ó bhailiúcháin eile.

# 13a Albert Bender



Rugadh Albert M. Bender (1866-1941) i mBaile Átha Cliath, mac an Raibí Philip Bender. Chuaigh sé ar imirce go San Francisco, California, áit a raibh sé ar cheann de na bróicéirí árachais is rathúla ar chósta thiar na Stát Aontaithe faoi thús an 20ú haois.

Bhronn Bender thart ar 260 déantán de bhunús Síneach, Seapánach agus Tibéadeach den chuid is mó ar Ard-Mhúsaem na hÉireann idir 1931 agus 1936.

# 13 Troscán Tuaithe na hÉireann



Ar taispeáint sa taispeántas seo, tá na cineálacha troscáin thraidisiúnta laethúla a fuarthas i dtithe in Éirinn le 300 bliain anuas. Tá réimse cathaoireacha agus suíochán, drisiúr, leapacha agus troscán teallaigh ann.

Ina theannta sin, tá samplaí de cheardaíocht thraidisiúnta ar nós fíodóireacht ciseáin, déanamh criathar, deileadóireacht agus déanamh bairille.

# 12 Mar A Chaitheamar É





Le 250 bliain anuas, bhí cáil ar thionscail éadaí agus teicstíle na hÉireann as a gcáilíocht agus a gceardaíocht. Léirítear é sin sna samplaí eisceachtúla éadaí, seodra agus gabhálas atá ar taispeáint.

Fiosraíonn an taispeántas an chaoi a gcuirimid teachtaireachtaí chuig daoine eile faoi cé muid féin trínár gcuid éadaí, inniu agus a oiread céanna agus a bhíodh.








Tá an taispeántas seo bunaithe ar shaol agus saothar Eileen Gray, bean Éireannach a bhí ar dhuine de na dearthóirí agus na hailtirí ba mhó tionchair san 20ú haois. Cuimsítear ann clasaicí dearaidh amhail cathaoireacha, boird, scáileáin agus cairpéid, taobh le cuimhneacháin phearsanta, uirlisí laicir, líníochtaí agus samhlacha ailtireachta.



Soláthraímid réimse comhlántach táirgí a léiríonn na bailiúcháin uathúla atá á gcoimeád ag Ard-Mhúsaem na hÉireann – Na hEalaíona Maisiúla agus Stair.

Tá réimse iontach earraí bronntanais, bréagán do pháistí agus leabhar ina gclúdaítear stair, faisin agus dearadh arm na hÉireann sna siopaí.

Le haghaidh eolas níos mionsonraithe, ceannaigh Treoirleabhar an Mhúsaeim i siopa an Mhúsaeim nó tabhair cuairt ar *www.museum.ie*